2026/509

23.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/509 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é i gcás Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur gá leanúint de na hiarrachtaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a shrianadh a thuilleadh. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil an tAontas faoi réir i gcónaí chun tuilleadh brú a chur ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.

(3) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus go háirithe an feachtas míleata brúidiúil a bhí ann le déanaí lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 37 nduine agus 80 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1986.	Andrey Vladimirovich POLYAKOV Rúisis: Андрей Владимирович ПОЛЯКОВ	Feidhm: Stiúrthóir Institiúid Eolaíochta Bhuiséadach an Stáit Chónaidhme “Institiúid do Stair Chultúr na nEarraí d’Acadamh Eolaíochta na Rúise” Dáta breithe: 6.8.1974 Áit bhreithe: Leningrad, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann Uimhir chánach: 781407568543	Is é Andrey Polyakov Stiúrthóir ar Federal State Budgetary Institution of Science “Institute of the History of Material Culture of the Russian Academy of Sciences (IHMC RAS) (Institiúid Eolaíochta Bhuiséadach an Stáit Chónaidhme ‘Institiúid do Stair Chultúr na nEarraí d’Acadamh Eolaíochtaí na Rúise’)”. Idir 2014 agus 2023, faoi stiúir Polyakov, chuaigh an Institiúid do Stair Chultúr na nEarraí d’Acadamh Eolaíochtaí na Rúise i mbun tochailt seandálaíochta ar fud na Crimé, atá faoi fhorghabháil ag an Rúis. Fuair institiúid níos mó ná 20 ceadanna tochailte, “litreacha oscailte” mar a ghairtear díobh, ó Aire Cultúir Chónaidhm na Rúise, a dhéanann maoirseacht lárnach ar an ngníomhaíocht sin ar fad sa Chrimé agus a údaraíonn í, i gcomhar le hinstitúidí stáit eile. Rinneadh na tochailtí sin gan toil na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta mar an stát ceannasach ar an leithinis. Thacaigh Andrey Polyakov go poiblí le ról leanúnach na hInstitiúide sa réigiún faoi fhorghabháil, dúirt sé go bhfuiltear ag leanúint leis an obair in Chersonesos agus in áiteanna eile agus go bhfuil an obair sin mar chuid de chlár níos leithne de níos mó ná 40 tochailta bhí beartaithe i gcomhair 2024. Ní hamháin gur chumasaigh a cheannaireacht ar IHMC RAS na tochailtí neamhdhleathacha sin ach rannchuidigh sé freisin le leithreasú cultúrtha agus normalú institiúideach láithreacht na Rúise sa Chrimé.. Tá Andrey Polyakov ag tacú le beartais Chónaidhm na Rúise lena ndírítear ar fhorghabháil na Crimé a chomhdhlúthú. Dá bhrí sin, tá Andrey Polyakov ag tacú le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1987.	Aleksandr Andreyevich ZHDANOV Ar a dtugtar freisin: Alexander Andreyevich ZHDANOV Rúisis: Александр Андреевич ЖДАНОВ	Feidhm: Comhpháirtí teoranta ag UrSeCo Handels GmbH & Co. KG. Dáta breithe: 24.11.1958 Inscne: fireann	Is comhpháirtí teoranta in UrSeCo Handels GmbH & Co. KG é Aleksandr Andreyevich Zhdanov, ar cuideachta Ghearmánach é a sholáthraíonn clóiríd hidrigine (HCl) ardíonachta, ceimiceán ríthábhachtach don phróiseáil sliseog, a tháirgeann Wacker Chemie AG do LLP “United Trading Group” (an Chasacstáin). Is ionadaí ar UrSeCo Handels GmbH & Co. KG freisin é Alimzhan Bekov, bunaitheoir LLP “United Trading Group”. Mar sin, soláthraíonn “United Trading Group” HCl don chuideachta Rúiseach LLC “Siltron”. Is é Aleksandr Andreyevich Zhdanov athair Aleksandr Zhdanov, an scairshealbhóir tromlaigh LLC “Siltron”. De bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tá toirmeasc ar oibreoirí an Aontais HC1 a onnmhairiú chuig eintiteas sa Rúis. Glacann Aleksandr Andreevich Zhdanov páirt sna gníomhaíochtaí a thagann timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais go háirithe Airteagal 3k(1) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, trí na leasanna airgeadais atá aige in UrSeCo Handels agus tríd an nasc muintire atá aige le Aleksandr Andreyevich Zhdanov, scairshealbhóir tromlaigh LLC “Siltron”. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Andreyevich Zhdanov ag éascú sáruithe an toirmisc ar theacht timpeall ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Chinneadh 2014/512/CBES.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1988.	Nikolay Andreevich MAKAROV Rúisis: Николай Андреевич МАКАРОВ	Feidhm: Stiúrthóir “Institiúid Seandálaíochta d’Acadamh Eolaíochtaí na Rúise” den Institiúid Eolaíochta Bhuiséadach Stáit Chónaidhme; Leas-Uachtarán Acadamh Eolaíochtaí na Rúise Dáta breithe: 22.12.1955 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir chánach: 770300190130	Tá Nikolai Makarov ina Stiúrthóir ar “Institute of Archaeology of the Russian Academy of Sciences” den Federal State Budgetary Institution of Science (IA RAS), atá stát-mhaoinithe (Institiúid Seandálaíochta d’Acadamh Eolaíochtaí na Rúise d’Institiúid Eolaíochta Bhuiséadach Stáit Chónaidhme) agus ina Leas-Uachtarán ar Acadamh Eolaíochtaí na Rúise. Tá sé freagrach as oibríochtaí eolaíochta, teicniúla agus eacnamaíocha na hInstitiúide, a straitéis forbartha agus a beartas oibre allamuigh san áireamh. Faoina cheannaireacht, tá an Institiúid Seandálaíochta ina gníomhaire lárnach i saothrú seandálaíochta na Rúise, faoi stiúir an stáit, ar Leathinis na Crimé atá faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Nikolai Makarov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin agus tá siad á gcur chun feidhme aige.	23.4.2026
1989.	Sergey Gennadievich OBRYVALIN Сергей Геннадиевич ОБРЫВАЛИН	Feidhm: An Chéad Leas-Aire Cultúir de Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 9.10.1975 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergei Obryvalin an Chéad Leas-Aire Cultúir de Chónaidhm na Rúise. Déanann sé maoirseacht ar phríomhranna san Aireacht Chultúir, Roinn na Cosanta Stáit ar an Oidhreacht Chultúir, maoirseacht ar iarsmalanna agus Cumann Stair Mhíleata na Rúise san áireamh. Tá baint dhíreach ag na ranna sin le hurghabháil maoin chultúrtha na hÚcráine agus lena n-athrangú mar mhaoin Rúiseach. Shínigh Sergei Obryvalin ceadanna, ar a dtugtar “litreacha oscailte”, lena n-údaraítear d’eolaithe na Rúise tochailtí seandálaíochta a dhéanamh sa Chrimé. Sa bhreis air sin, tá Aireacht Chultúir Chónaidhm na Rúise, in éineacht le comhlachtaí rialachais neamhdhleathacha chríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, ag cur tionscnaimh chultúrtha chun cinn sna críocha atá faoi fhorghabháil agus tá páirt ghníomhach á glacadh ag Sergei Gennadievich Obryvalin sa phróiseas sin. Dá bhrí sin, tá Sergei Obryvalin ag tacú le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin agus tá siad á gcur chun feidhme aige.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1990.	Mikhail Borisovich PIOTROVSKY ar a dtugtar freisin Mikhail Borisovich PIOTROVSKY	Feidhm: Stiúrthóir Iarsmalann Díthreibhe an Stáit Dáta breithe: 9.12.1944 Áit bhreithe: Yerevan, PSS na hAirméine, APSS (an Airméin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Mikhail Piotrovsky ina Stiúrthóir ar Iarsmalann Díthreibhe an Stáit le fada an lá agus is dlúthchara le Vladimir Putin é, thacaigh sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus thug sé údar dó. D'fhormhuinigh sé cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin go poiblí agus chuir sé "oibríocht mhíleata speisialta" mar a thugtar air ar scaipeadh chultúr na Rúise ar fud an domhain, téarma a dhéanann tagairt dhíreach don ionradh. Thacaigh Mikhail Piotrovsky le reachtaíocht de chuid na Rúise lena n-éascaítear earraí cultúrtha ó iarsmalanna na hÚcráine a chorprú i gCiste Iarsmalanna Stáit na Rúise. Faoina cheannaireacht, rinne an Iarsmalann Díthreibhe tochailtí seandálaíochta neamhúdaraithe sa Chrimé atá faoi fhorghabháil, ar a n-áirítear scriosadh suíomhanna oidhreachta cosanta de chuid na hÚcráine, agus ar an gcaoi sin, d'oibrigh sé ar son sprioc na Creimile a héilimh chríochacha a dhlisteanú faoi scáth na hoibre acadúla. Dá bhrí sin, tá Mikhail Piotrovsky ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1991.	Alimzhan Kuantaevich BEKOV Rúisis: Алимжан Куантаевич БЕКОВ	Feidhm: Bunaitheoir agus Stiúrthóir LLP “United Trading Group”; Ionadaí ar UrSeCo Handels GmbH & Co. KG; Bainisteoir Sinsir LLP KazRosGas. Inscne: Fireann	Is é Alimzhan Bekov bunaitheoir agus Stiúrthóir LLP “United Trading Group”, cuideachta atá lonnaithe sa Chasacstáin. Tá sé ina ionadaí freisin ar UrSeCo Handels GmbH & Co. KG. Soláthraíonn an chuideachta Ghearmánach, UrSeCo Handels GmbH & Co. KG, clóiríd hidrigine (HCl) ardíonachta, ceimiceán ríthábhachtach don phróiseáil sliseog, a tháirgeann Wacker Chemie AG do LLP “United Trading Group” (an Chasacstáin). Mar sin, soláthraíonn “United Trading Group” HCl do na cuideachtaí Rúiseacha LLC “Siltron” agus Electronsnab. Téann an slabhra soláthair tríd an bPolainn, an Tuirc agus an Chasacstáin. Tá LLC “Siltron” nasctha go díreach le UrSeCo Handels toisc go bhfuil athair an scairshealbhóra tromlaigh in LLC “Siltron” ar duine de na comhpháirtithe in UrSeCo. De bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tá toirmeasc ar oibreoirí an Aontais HC1 a onnmhairiú chuig eintiteas sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Alimzhan Bekov ag éascú sáruithe ar an toirmisc ar theacht timpeall ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Chinneadh 2014/512/CBES.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1992.	Aleksey Viktorovich RTISHCHEV ar a dtugtar freisin Aleksei Viktorovich RTISHCHEV ar a dtugtar freisin Alexei Viktorovich RTISHCHEV ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich RTISHCHEV	Feidhm: Ceann Thrúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche na Rúise (na 35ú Gardaí den Chathlán Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche) Áit bhreithe: PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Aleksey Rtishchev ina Cheann ar Radiological, Chemical and Biological Defence Troops (na Trúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche), atá mar chuid d'Aireacht Chosanta na Rúise. Baineann na Trúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche úsáid chórasach as armáin cheimiceacha i gcoinne na hÚcráine, mar chuid de straitéis níos leithne na Rúise an Úcráin a dhéanamh níos laige agus a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, tá Aleksey Rtishchev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.4.2026
1993.	Andrei Viktorovich MARCHENKO	Feidhm: Leas-Cheann Thrúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche na Rúise (na 35ú Gardaí den Chathlán Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche) Dáta breithe: 11.12.1968 Áit bhreithe: PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Andrei Marchenko ina Leas-Cheann ar na Trúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche, atá mar chuid d'Aireacht Chosanta na Rúise. Baineann na Trúpaí Cosanta Raideolaíche, Ceimicí agus Bitheolaíche úsáid chórasach as armáin cheimiceacha i gcoinne na hÚcráine, mar chuid de straitéis níos leithne na Rúise an Úcráin a dhéanamh níos laige agus a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, tá Andrei Marchenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, agus tá na gníomhaíochtaí agus na beartais sin á gcur chun feidhme aige.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1994.	Olga Mikhailovna SOKOLOVA Rúisis: Ольга Михайловна СОКОЛОВА	Feidhm: Bainisteoir ginearálta LLC “UAMOC” Dáta breithe: 3.1.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 500905260513	Tá Olga Sokolova ina bainisteoir ginearálta ar LLC “UAMOC”, ar cuideachta í atá lonnaithe sa Rúis agus a tháirgeann dróin le radharc céadphearsan i gcomhair Fhórsaí Armtha na Rúise. Bunaíodh an huideachta tar éis don Rúis tús a chur lena cogadh iomlán ar an Úcráin agus d’fhás a táirgeacht go mear. Déanann LLC “UAMOC” na dróin le radharc céadphearsan, “Kort”, “Brus-1”, “Osa” agus “Boomerang”, a úsáidtear sa chogadh ar an Úcráin. Sheol sé freisin saoráid táirgthe agus tástála sna críocha atá faoi fhorghabháil go neamhdhleathach, Luhansk agus Sevastopol. Ina theannta sin, fuair LLC “UAMOC” scair tromlaigh i gcuideachtaí monaraíochta drón eile, amhail LLC KB “ATAMANOVA” agus LLC “RBS HARPIA”. Dá bhrí sin, tá Olga Sokolova freagrach as beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Sa bhreis air sin, tá sí ina cuid de choimpléacs tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.4.2026
1995.	Dmitry Alexandrovich MALYUTA	Feidhm: Duine gnó; Ceann agus bunaitheoir LLC “Aleksinskiye Kraski Ural” agus LLC “Bina Invest” Dáta breithe: 16.3.1979 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine gnó Rúiseach é Dmitry Alexandrovich Malyuta, a bhfuil scaireanna aige in LLC Bina Invest agus tríd an úinéireacht sin, rialaíonn sé roinnt mhaith cuideachtaí a bhfuil baint acu le laíon cadáis a allmhairiú ón gCasacstáin agus ón Úisbéiceastáin do mhonarchana púdair gunna de chuid na Rúise. Úsáidtear na hábhair allmhairithe i raon leathan táirgí míleata, lena n-áirítear armlón. Tá scaireanna ag Malyuta in LLC Aleksinskiye Kraski-Ural, ar cuideachta í a sheachadann earraí ar mhonarchana púdair gunna de chuid na Rúise. Dá bhrí sin, tá Dmitry Alexandrovich Malyuta ag tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag baint tairbhe freisin as coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise trína bheith rannpháirteach i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1996.	Denis Gennadievich SHISHKIN Rúisis: Денис Геннадьевич ШИШКИН	Feidhm: Duine gnó Rúiseach; Bunaitheoir LLC “Aleksinskiye Kraski Ural” agus LLC “Bina Invest” Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine gnó Rúiseach é Denis Gennadievich Shishkin a bhfuil scaireanna aige in LLC Bina Invest agus tríd an úinéireacht sin, rialaíonn sé roinnt mhaith cuideachtaí a bhfuil baint acu le laíon cadáis a allmhairiú ón gCasacstáin agus ón Úisbéiceastáin do mhonarchana púdair gunna de chuid na Rúise. Úsáidtear na hábhair allmhairithe i raon leathan táirgí míleata, lena n-áirítear armlón. Tá scaireanna ag Shishkin in LLC Aleksinskiye Kraski-Ural, ar cuideachta í a sheachadann earraí ar mhonarchana púdair gunna de chuid na Rúise. Dá bhrí sin, tá Denis Gennadievich Shishkin ag tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise trína bheith rannpháirteach i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026
1997.	Vladimir Evgenievych AVETISYAN ar a dtugtar freisin Vladimir Jevgeněvič AVETISJAN Rúisis: Владимир Евгеньевич АВЕТИСЯН	Feidhm: Scairshealbhóir tromlaigh agus úinéir tairbhiúil Srednevolzhskaya gazovaya kompaniya agus Cuideachta Comhstoic Phoiblí “Samaraenergo”; Comhalta d’Aontas innealtóirí meicniúla na Rúise Dáta breithe: 2.4.1958 Áit bhreithe: Novokuybyshevsk, réigiún Kuybyshevskaya, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 631900874344	Is scairshealbhóir tromlaigh agus úinéir tairbhiúil roinnt mhaith cuideachtaí é Vladimir Evgenievych Avetisyan a bhfuil leasanna gnó acu in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Rúise, mar shampla baincéireacht agus, go háirithe, earnáil an fhuinnimh. Is scairshealbhóir tromlaigh agus úinéir tairbhiúil “Srednevolzhskaya gazovaya kompaniya” é, ar soláthróir dáilte gáis tríd an bpríomhlíonra é, atá sa 12ú háit ó thaobh ioncaim de san earnáil sin ar mhargadh na Rúise, agus is scairshealbhóir tromlaigh agus úinéir tairbhiúil Cuideachta Comhstoic Poiblí “Samaraenergo” é, ar mórtháirgeoir agus mórdháileoir fuinnimh leictrigh é. Is scairshealbhóir tromlaigh agus úinéir tairbhiúil é freisin i gcuideachta eile atá gníomhach i ndáileadh gáis, ie é sin “Samaragaz”, agus is scairshealbhóir mionlaigh é sa chuideachta tarchurtha leictreachais “Samarskaya elektrosetevaya kompaniya”. Ar deireadh, is scairshealbhóir mionlaigh é agus is comhalta den Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta Comhstoic “Gazbank” é, atá gníomhach in earnáil na baincéireachta. Dá bhrí sin, is duine gnó é Vladimir Evgenievych Avetisyan atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus is mórphearsa ghnó é freisin atá ag feidhmiú sa Rúis.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1998.	Maksim YERMAKOV ar a dtugtar freisin Maxim ERMAKOV ar a dtugtar freisin Maksim Yuryevich ERMAKOV	Feidhm: Stiúrthóir Ceannaigh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus POF LLC TC “Fly Bridge” Dáta breithe: 16.3.1979 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Maksim Yermakov POF, Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Ceannaigh FLY BRIDGE, allmhaireoir leictreonaice atá liostaithe ag an Aontas mar chuid de scéim lóistíochta bhunaithe chun teicneolaíocht (micrishliseanna) an Aontais den chuid is mó a sholáthar do ISTOK, ar cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise é agus a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, tá Maksim Yermakov páirteach i líonra chun teacht timpeall ar bhearta sriantacha arb é is aidhm dó teicneolaíocht dé-úsáide ón Aontais a fhoinsiú agus í a sholáthar do Rialtas Chónaidhm na Rúise Dá bhrí sin, tá Maksim Yermakov ag tacú go hábharthach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Ina theannta sin, tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Anuas air sin, tá baint aige le FLY BRIDGE.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1999.	Fedor Aleksandrovich CHUDINOV Фёдор Александрович ЧУДИНОВ	Feidhm: Dornálaí proifisiúnta Rúiseach; Comhalta de Chomhairle Seaimpíní Chónaidhm Dornálaíochta na Rúise; Comhalta den pháirtí polaitiúil uile-Rúiseach “United Russia”; Comhairle de Chomhairle na nIonadaithe Cheantar cathrach Serpukhov réigiún Mhoscó Dáta breithe: 15.9.1987 Áit bhreithe: Bratsk, réigiún Irkutsk, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 504307767424	Is iar-dhornálaí é Fedor Chudinov, is comhalta den Pháirtí Polaitiúil Uile-Rúiseach “United Russia” atá ar son Putin é agus is comhalta de Chomhairle na nIonadaithe é i gCeantar Cathrach Serpukhov i réigiún Mhoscó. Is ambasadóir é de chuid All-Russian Public Movement for the Promotion of Patriotic and Sports Education of Citizens “Healthy Fatherland”, a fheidhmíonn freisin i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Glacann Fedor Chudinov páirt in imeachtaí ar son na Rúise agus in imeachtaí ar son an mhíleata arna eagrú do leanaí agus d’aos óg na Rúise sa Rúis agus i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil i láthair na huaire. Tá naisc aige leis an gclub gluaisrothair Uile-Rúiseach “Nightwolves” atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais as a bheith ag tacú leis an gcogadh ar an Úcráin agus le hionghabháil na Crimé. Dá bhrí sin, tacaíonn Fedor Chudinov le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2000.	Ilya Viktorovich SCHERBOVICH Rúisis: Илья Викторович ЩЕРБОВИЧ	Feidhm: Ceann United Capital Partners Investment Group Dáta breithe: 23.12.1974 Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 332700979110	Is é Ilya Scherbovich bunaitheoir agus ceann United Capital Partners Investment Group, ar grúpa mór infheistíochta airgeadais Rúiseach é a bhfuil infheistíochtaí aige i dtáirgeadh agus i bpróiseáil ola agus gáis. Go háirithe, in éineacht leis an gcuideachta ola de chuid Stát na Rúise Rosneft, tá páirt shuntasach ag United Capital Partners Investment Group i gcuideachta Indiach a oibríonn scaglann ola agus atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais. Is scagaire mór amhola Rúiseach é an cuideachta. Tá an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ina foinse mhór ioncaim do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Ilya Scherbovich rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026
2001.	Anton Sergeevich ANISIMOV Rúisis: Антон Сергеевич АНИСИМОВ	Feidhm: Leas-phríomheagarthóir Russia Today; Ceann International Broadcasting of Sputnik News Agency and Radio; Príomheagarthóir Sputnik News Agency and Radio Dáta breithe: 19.2.1985 Áit bhreithe: Syktyvkar, Poblacht Komi, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine mór le rá é Anton Anisimov sna meáin idirnáisiúnta Rúiseacha atá faoi rialú an stáit. Is é Leas-Phríomheagarthóir Russia Today é, Ceann International Broadcasting of Sputnik News Agency and Radio, agus Príomheagarthóir ag Sputnik News Agency and Radio. Ina róil in Sputnik agus Russia Today, tá Anton Anisimov freagrach as bréagaisnéis a bhaineann leis an Úcráin a scaipeadh agus as insintí bréagacha ar son na Creimile faoi ionradh na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá Anton Anisimov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2002.	Andrey Yuryevich MOLCHANOV Rúisis: Андрей Юрьевич МОЛЧАНОВ	Dáta breithe: 24.9.1971 Áit bhreithe: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 780100027119	Tá Andrey Molchanov ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseach agus ina chomhalta den pháirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil ar a dtugtar “United Russia”. Is scairshealbhóir tábhachtach é san LSR Group é agus is é iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin LSR Group, ar cuideachta eastáit réadaigh é agus arb é an táirgeoir ábhar tógála is mó sa Rúis é. In 2024, ba é 239 mbilliún rúbal ioncam LSR Group. Cuireann an earnáil tógála ioncam suntasach ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is príomhphearsana ghnó é Andrey Molchanov a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus pearsa ghnó atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim í do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026
2003.	Igor Petrovich SOLONIN Игорь Петрович СОЛОНИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Mariupol Republican Order of the Badge of Honour Russian Drama Theatre Dáta breithe: 21.6.1978 Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 614011185787	Is é Ard-Stiúrthóir an Mariupol Republican Order of the Badge of Honour Russian Drama Theatre (MRDT) (Amharclann Drámaíochta Mariupol) é Igor Solonin. In 2022, rinne fórsaí na Rúise buamáil ar Amharclann Drámaíochta Mariupol, agus ina dhiaidh sin rinneadh í a athbhunú, a athainmniú, a atheagrú agus a mhaoiniú le cabhair ó institiúidí na Rúise. Ní hamháin go n-úsáidtear an amharclann sin chun cultúr na Rúise a scaipeadh i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus faoi smacht na Rúise, ach úsáidtear í freisin chun insint bholscaireachta a bhunú gur scrios Naitsithe na hÚcráine an amharclann sin. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir, glacann Igor Solonin páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí na hamharclainne agus i gcistiú a mhealladh ó ionadaithe rialtais arna gceapadh ag an Rúis i réigiún Donetsk atá faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Igor Solonin ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2004.	Timur Ildarovich YUNUSOV Rúisis: Тимур Ільдарович ЮНУСОВ ar a dtugtar freisin Timati ar a dtugtar freisin Timati Ildarovich YUNUSOV ar a dtugtar freisin Тимати Ильдарович ЮНУСОВ Úcráinis: Тимур Ільдарович ЮНУСОВ ar a dtugtar freisin Тіматі Ільдарович ЮНУСОВ	Feidhm: Amhránaí agus fiontraí Dáta breithe: 15.8.1983 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 770965076149	Is amhránaí agus fiontraí Rúiseach é Timur Yunusov. Tacaíonn sé le cogadh foghach na Rúise faoin Úcráin, scaipeann sé insintí bolscaireachta na Creimile agus siombailí na “hoibríochta míleata speisialta”, mar a ghairtear di, agus cuireann sé in iúl go bhfuil sé faoi réir le troid go pearsanta i gcoinne na hÚcráine. Thacaigh sé le forghabháil neamhdhleathach na Rúise ar Chrimé agus bhí sé páirteach san imeacht bolscaireachta “Ar son domhan gan an Naitsíochas! Ar son na Rúise! Ar son an Uachtaráin” a bhí ar siúl an 18 Márta, 2022, ag Staid Lushniki. Ghlac sé páirt roinnt uaireanta in imeachtaí sa Chrimé tar éis na hionghabhála neamhdhleathaí, cuir i gcás an cheolchoirm a cheiliúrann “cúig bliana d’athaontú na Crimé leis an Rúis” in Simferopol. Chuir Timur Yunusov in iúl go dtacaíonn sé le hiarrthóireacht Vladimir Putin sna toghcháin uachtaránachta agus ghlac sé páirt ina fheachtais toghcháin siúd. Bhí sé ar dhuine d’ionadaithe iontaofa Vladimir Putin le linn ceann dá fheachtais uachtaránachta. Dá bhrí sin, tá Timur Yunusov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2005.	Oleg Yuryevich KOSOLAPOV Rúisis: Олег Юрьевич КОСОЛАПОВ ar a dtugtar freisin Oleg Jurijevič KOSOLAPOV	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta ar Complex Unmanned Solutions Center Ltd,ina stiúrthóir ar threalamh raidió-leictreonach ar bord ag Russian Helicopters Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 645001842561	Is é Oleg Kosolapov an Stiúrthóir Ginearálta ar Complex Unmanned Solutions Center Ltd (USC). Tá USC gníomhach ar feadh thimthriall iomlán táirgthe agus oiriúnaithe na gcóras radhairc céadphearsan (FPV) le haghaidh úsáid comhraic. Táirgeann sé gairis deiridh agus trealamh talún agus pearsanra traenacha chun córais FPV a phíolótú agus a úsáid go héifeachtach. Soláthraíonn USC aerárthaí gan foireann d'Fhórsaí Armtha na Rúise a úsáideann iad i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, tá Oleg Kosolapov ina stiúrthóir ar threalamh raidió-leictreonach ar bord ag Russian Helicopters, cuideachta a tháirgeann héileacaptair mhíleata a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Oleg Yuryevich Kosolapov ag tacú le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharthach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2006.	Timur Nailevich SHAGIVALEEV ar a dtugtar freisin Timur Najlevič ŠAGIVALEJEV Rúisis: Тимур Наилевич ШАГИВАЛЕЕВ	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta ar OEZ IPT Alabuga Dáta breithe: 28.1.1978 Áit bhreithe: Kazan, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 165503987841 Uimhir Phas: 753129173	Is é Timur Shagivaleev an Stiúrthóir Ginearálta ar an gCuideachta Comhstoic “Alabuga Special Economic Zone of Industrial and Production Type” (“JSC Alabuga”). Tá JSC Alabuga freagrach as Crios Eacnamaíoch Speisialta Alabuga (CES) i gCónaidhm na Rúise (Tatarstan) a bunaíodh in 2006 agus atá ar cheann de na láithreáin táirgthe is mó don aerfheithicil gan foireann aontreo Shahed/Geran-2. Óstálann Alabuga CES saoráidí monaraíochta lena n-áirítear SuperCam, JSC Albatros, JSC Aviatest Aero a chóimeálann aerfheithiclí gan foireann. Is cuid de chlár Rúiseach a bhfuil tacaíocht stáit aige iad na saoráidí sin agus cuireadh ar bun iad le cúnamh ón Iaráin chun oiliúint a chur ar bhaill foirne agus ábhar a sholáthar chun ladrainn mhíleata a chóimeáil lena n-úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Úsáideann arm na Rúise na haerárthaí gan foireann (Shaheds/Gerans) arna dtáirgeadh sa CES san Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC Alabuga bainteach le JSC Albatros, JSC Aviates Aero agus SuperCam Unmanned Systems Group. Ina theannta sin, tá baint ag Timur Shagivaleev i mbainistiú chláir Alabuga Start agus Alabuga Polytech, a úsáidtear chun oibrithe a mhealladh, lena n-áirítear oibrithe as tríú tíortha, chuig na saoráidí táirgthe aerárthaí gan foireann. Ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta ar JSC Alabuga, tá baint ag Timur Shagivaleev le JSC Albatros, JSC Aviates Aero agus SuperCam Unmanned Systems Group agus tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le táirgeadh na n-aerárthaí gan foireann Shahed/Geran-2, atá á n-úsáid ar mhórscála i gcogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Timur Nailevich Shagivaleev ag tacú go hábharthach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2007.	Sergey Stepanovich SAKHNENKO ar a dtugtar freisin Sergei Stepanovich SAKHNENKO ar a dtugtar freisin Sergej Stěpanovič SACHNĚNKO Сергей Степанович САХНЕНКО	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta ar JSC United Instrument Manufacturing Corporation, comhalta den League for Assistance to Defence Enterprises (an Conradh um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta) Dáta breithe: 1.10.1972 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772851986589	Is é Sergey Sakjenko an Stiúrthóir Ginearálta ar an gcuideachta sealbhaíochta JSC United Instrument Manufacturing Corporation, ar fochuideachta de Rostec é. Monaraíonn an chuideachta gléasanna raidió-leictreonacha míleata agus soláthraíonn sí d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Rialaíonn JSC United Instrument Manufacturing Corporation roinnt mhaith fiontar a tháirgeann trealamh míleata a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá Sergey Sakhnenko ina chomhalta freisin den Bureau of League for Assistance to Defence Enterprises (Biúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta), eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá Sergey Sakhnenko ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2008.	Vladimir Nikolaevich LEPIN ar a dtugtar freisin Vladimir Nikolajevič LEPIN Rúisis: Владимир Николаевич ЛЕПИН	Feidhm: Dearthóir ginearálta JSC Kalashnikov Concern, comhalta de Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta Dáta breithe: 28.7.1959 Áit bhreithe: Tambov, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Vladimir Lepin dearthóir ginearálta JSC Kalashnikov Concern, ar cuideachta é atá liostaithe ag an Aontais agus ar forbróir agus táirgeoir Rúiseach de threalaimh mhíleata é, lena n-áirítear raidhfilí pearsanta, diúracáin agus feithiclí. Tá JSC Kalashnikov Concern faoi rialú díreach Rostec. D'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise diúracáin threoraithe aerárthaí Vikhr-1 agus raidhfilí ionsaithe AK-12 arna dtáirgeadh ag Kalashnikov Concern le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá Vladimir Lepin ina chomhalta freisin de Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú. Tá sé ina chomhalta freisin den Board of the Military-Industrial Commission Chónaidhm na Rúise, agus ina chomhalta den Russian Academy of Rocket and Missile Systems. Dá bhrí sin, tá Vladimir Lepin ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2009.	Vladimir Petrovich KAPYSH Rúisis: Владимир Петрович КАПЫШ ar a dtugtar freisin Vladimir Petrovič KAPYŠ	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta ar Siber AO; Comhalta de Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta Dáta breithe: 15.11.1961 Áit bhreithe: Terney, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 253603005555	Is é Vladimir Kapysh an Stiúrthóir Ginearálta ar Siber AO, ar cuid de Rostec é. Cuireann Siber AO seirbhísí slándála ar fáil do chuideachtaí straitéiseacha míleata agus tionsclaíocha Rúiseacha, lena n-áirítear JSC Uralvagonzavod Concern, JSC Shvabe, JSC High-Precision Systems Research and Production Association, JSC Spetskhimiya, JSC NPK Tekhmash, JSC Izhevsk Mechanical Plant, JSC Kalashnikov Concern, JSC KBAL agus Rostec. Déanann Siber AO obair i gcomhar le Seirbhís Slándála na Cónaidhme de chuid Chónaidhm na Rúise freisin, déanann sé measúnú ar incháilitheacht eagraíochtaí maidir le ceadúnais a fháil ó FSB chun obair a bhaineann le húsáid rúin stáit a dhéanamh. Tá Vladimir Kapysh ina chomhalta freisin de Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá Vladimir Kapysh ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2010.	Azret Yuspovich BEKKIEV Rúisis: Азрет Юсупович БЕККИЕВ ar a dtugtar freisin Azret Jusupovič BEKKIEV	Feidhm: Céad Leas-Ardstiúrthóir OPK JSC, ball den Chonradh um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta Dáta breithe: 18.4.1952 Áit bhreithe: Almaty, an Chasacstáin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Azret Bekkiev an Chéad Leas-Ardstiúrthóir ar JSC United Instrument Manufacturing Corporation ("OPK JSC"), cuideachta atá liostaithe ag an Aontas, agus fochuideachta de Rostec, ceann de phríomhsholáthraithe míleata Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Feidhmíonn OPK JSC mar chuideachta sealbhaíochta a oibríonn faoin ainm branda Rosel agus bíonn sé ag táirgeadh trealamh míleata a bhíonn á úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go háirithe córais uathrialúcháin. Tá Azret Bekkiev ina bhall freisin de Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá Azret Bekkiev ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2011.	Igor Georgievich NASENKOV Rúisis: Игорь Георгиевич НАСЕНКОВ ar a dtugtar freisin Igor Georgijevič NASENKOV	Feidhm:Ard-Stiúrthóir JSC Technodinamika, Leas-Uachtarán ar an gConradh um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta; Ball ar Bhiúró an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta Dáta breithe: 2.10.1975 Áit bhreithe: Naberezhnye Chelny, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 165020330600	Is é Igor Nasenkov an tArd-Stiúrthóir ar JSC Technodinamika, cuideachta Rúiseach atá liostaithe ag an Aontas. Monaraíonn an chuideachta airm, armlón, táirgí ceimice agus eitlíochta, lena n-áirítear táirgí a mhonaraítear chun tairbhe Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Tá Azret Bekkiev ina Leas Uachtarán ar Bhiúro an Chonartha um Chúnamh d'Fhiontair Chosanta, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá Igor Nasenkov ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2012.	Guerman GOUTOROV	Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin Streit Group FZE Inscne: fireann	Is é Guerman Goutorov POF Streit Group FZE, ar ar cuideachta tionscail mhíleata é a dhéanann speisialtóireacht i dtáirgeadh iompróirí armúrtha pearsanra. Tá Streit Group FZE i gcomhpháirtíocht le heintitis mhíleata-thionsclaíocha na Rúise. Dá bhrí sin, tá Guerman Goutorov ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise trí pháirt a ghlacadh i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. Anuas air sin, tá baint ag Guerman Goutorov le Streit Group FZE.	23.4.2026
2013.	Li XINYANG	Feidhm: Stiúrthóir Beijing Xichao International Technology and Trade Eintitis chomhlachaithe: JSC IEMZ Kupol; Beijing Xichao International Technology and Trade	Is é Li Xinyang stiúrthóir Beijing Xichao International Technology and Trade, ar cuideachta atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne é. Ghníomhaigh an chuideachta mar idirghabhálaí idir Xiamen Limbach Aviation Engine Co. agus an táirgeoir arm Rúiseach JSC IEMZ Kupol, a bhfuil an dá cheann acu liostaithe ag an Aontas. Trí roinnt cuideachtaí caocha, sholáthair an chuideachta innill le haghaidh aerárthaí ionsaithe aontreo gan foireann do JSC IEMZ Kupol. Dá bhrí sin, tá Li Xinyang ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2014.	Anastasiya Aleksandrovna TARSHINOVA	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LIBBS LLC Uimhir aitheantais phearsanta: 772370451301 Eintitis chomhlachaithe: JSC IEMZ Kupol; LIBSS LLC	Is í Anastasiya Tarshinova ard-stiúrthóir LIBBS LLC, cuideachta laistigh de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Ghníomhaigh an chuideachta mar idirghabhálaí idir JSC IEMZ Kupol, ar fochuideachta í de chuideachta arm atá faoi úinéireacht stát na Rúise dar teideal Almaz-Antey, agus soláthróirí Síneacha a mhonaraíonn dróin ionsaitheacha fadraoin den chineál Garpiya-A1, a fhorbraítear agus a tháirgtear lena n-úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Anastasiya Tarshinova ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026
2015.	Oleg Igorevich OVCHARENKO ar a dtugtar freisin Oleg Igorevič OVČARENKO; Rúisis: Олег Игоревич ОВЧАРЕНКО	Feidhm: Uachtarán Chónaidhm na nEalaíon Comhraic Traidisiúnta i Réigiún Rostov, Uachtarán MSPC “Stavros”; Ceann an chláir spóirt “Young Vityaz” Dáta breithe: 20.8.1969 Áit bhreithe: Taganrog, Réigiún Rostov, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Moscó, Baryshikha Street, Building 30, Apt. 182 Uimhir Aitheantais Chánach (ИНН): 773388080811	Tá Oleg Ovcharenko i gceannas ar an gclár spóirt míleata tírghrách “Young Vityaz”, atá bunaithe ar cheanglais Chlár Stáit na Rúise “Patriotic Education of Citizens of the Russian Federation for 2016-2020.” Faoina cheannaireacht, glacann leanaí ó réigiún Luhansk atá faoi fhorghabháil páirt sa chlár freisin, a bhíonn ar siúl anois i gcampa “Krasny Desant” i Réigiún Rostov sa Rúis. Reachtáladh sa Chrimé freisin é roimhe seo. Mar chuid den chlár, cuirtear oiliúint mhíleata struchtúrtha ar mhionaoisigh, lena n-áirítear láimhseáil arm, scileanna lámhaigh, teagasc oirbheartaíochta, comhrac lámh le lámh, tascanna marthanais, agus oibríocht drón. Glacann siad páirt freisin i gcluichí oirbheartaíochta lena mbaineann misin taiscéalaíochta agus “tascanna comhraic” arna spreagadh ag taithí na Rúise san “Oibríocht Mhíleata Speisialta” mar a thugtar air. Déantar an clár i dtimpeallacht dhocht mhíleataithe, a threisítear le plé ar scannáin bholscaireachta agus le hidirghníomhaíocht laethúil le teagascóirí a bhfuil taithí mhíleata acu, chun dílseacht a spreagadh do Chónaidhm na Rúise agus mionaoisigh a ullmhú le haghaidh seirbhís mhíleata a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá Oleg Ovcharenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach, agus tá na gníomhaíochtaí agus beartais sin á gcur chun feidhme aige.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2016.	Svetlana Vladimirovna DMITROVA ar a dtugtar freisin Svetlana Volodymyrovna DMITROVA Rúisis: Светлана Владимировна ДМИТРОВА ar a dtugtar freisin Светлана Володимировна ДМИТРОВА	Feidhm: Ceann Roinn Oideachais Riarachán Cheantar Simferopol Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 910913280990	Tá Svetlana Dmitrova ina Ceann ar Roinn Oideachais Riarachán Cheantar Simferopol, mar a thugtar uirthi, sa Chrimé atá faoi fhorghabháil ó bhí 2017 ann ar a laghad. Sa cháil sin, bíonn sí ag cur chun cinn go gníomhach “oideachais mhíleata thírghrách” do mhionaoisigh i gceantar Simferopol, chun dílseacht do Chónaidhm na Rúise a chothú. Is í atá freagrach as an gclár “Youth of the Simferopol District” a chur chun feidhme, a fhéachann le daltaí a chomhtháthú i dtimpeallacht nach bhfuil ach Rúiseach. Ina theannta sin, tacaíonn sí le himeachtaí lena nglóirítear arm na Rúise agus glacann sí páirt iontu agus spreagann sí rannpháirtíocht na hóige sa tseirbhís mhíleata amach anseo. Faoina ceannaireacht, chomhoibrigh a roinn le heagraíochtaí ar nós UNARMIA, Volunteers of Victory, the Movement of the First, agus DOSAAF. Faoin stiúir, osclaíodh ar a laghad 36 rang de dhaltaí airm i scoileanna ceantair chun seirbhís i bhfórsaí armtha agus i gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí na Rúise a chur chun cinn. D’éascaigh sí freisin pasanna Rúiseacha a eisiúint chuig daoine óga áitiúla agus thacaigh sí le himeachtaí lena ndéantar ionghabháil na Crimé a cheiliúradh. Dá bhrí sin, tá Svetlana Dmitrova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a rannchuidíonn le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach agus tá na gníomhaíochtaí agus na beartais sin á gcur chun feidhme aici.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2017.	Antonina Ivanovna SHEPCHENKO Rúisis: Антонина Ивановна ШЕПЧЕНКО	Feidhm: Stiúrthóir na hInstitiúide Buiséadaí Bardasaí um Oideachas Ginearálta “Gvardeyskaya School No. 1” (“Hvardiyska School No. 1”) i gCeantar Simferopol Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 910905074338	Bíonn Antonina Shepchenko, arb í Stiúrthóir na hInstitiúide Buiséadaí Bardasaí um Oideachas Ginearálta “Gvardeyskaya School No. 1” i gCeantar Simferopol sa Chrimé atá faoi fhorghabháil í, ag cur chun feidhme go gníomhach beartais stáit na Rúise a fhéachann le féiniúlacht Rúiseach a chur chun cinn i measc mhionaoisigh na hÚcráine agus curaclam na scoile a mhíleatú. Cuireann sí oideachas míleata tírghrách chun cinn agus cuireann sí chun feidhme é, a fhéachann le dílseacht do Chónaidhm na Rúise a chothú, trí imeachtaí a eagrú arís agus arís eile lena ndéantar ionghabháil na Crimé, arm na Rúise agus saighdiúirí na Rúise a ghlóiriú, lena n-áirítear i gcomhar le heagraíochtaí míleata tírghrácha. Tacaíonn Shepchenko go leanúnach freisin le rannpháirtíocht mhíleata na ndaoine óga áitiúla amach anseo trí rang de dhaltaí airm a thabhairt isteach ina scoil, an chéad scoil dá leithéid i gceantar Simferopol, ar rang speisialaithe é ina gcuirtear le chéile oideachas ginearálta agus oiliúint bhreise mhíleata thírghrách. Dá bhrí sin, tá Antonina Shepchenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach agus tá gníomhaíochtaí agus beartais á gcur chun feidhme aici.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2018.	Tatyana Valentinovna KHOMENKO ar a dtugtar freisin Tatyana Valentinovna KHAMENKO		Is comhbhunaitheoir í Tatyana KHOMENKO agus is scairshealbhóir 33,3 % í de chuid LLC T.R.O.S., eintiteas atá liostaithe ag an Aontas, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe, a mhonaraíonn trealamh miotalóireachta agus uirlisí meaisín mórdhíola. Fógraíonn LLC T.R.O.S ionaid mheaisínithe a bhfuil cumais dé-úsáide acu agus is cuid de líonra soláthair é atá dírithe ar theacht timpeall ar bhearta sriantacha chun trealamh miotalóireachta agus uirlisí meaisín ón Aontas a thabhairt isteach go dtí an Rúis. Is eintiteas Rúiseach é LLC T.R.O.S. a chomhlíonann conarthaí Rialtas na Rúise chomh maith le conarthaí le heintitis a oibríonn in earnáil cosanta na Rúise (a tháirgeann airm agus armlón) agus atá liostaithe ag an Aontas faoi Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Dá bhrí sin, ina ról mar chomhbhunaitheoir agus mar scairshealbhóir 33,3 % de LLC T.R.O.S., eintiteas a bhfuil baint ghníomhach aige le teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, tá Tatyana KHOMENKO ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus atá ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2019.	Alexey Alekseyevich STRELCHENKO Rúisis: Алексей Алексеевич СТРЕЛЬЧЕНКО	Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Ginearálta JSC Perspective Technologies Agency (UPT) Dáta breithe: 10.8.1955 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 770803182739	Is é Alexey Strelchenko Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Ginearálta JSC Perspective Technologies Agency (UPT), cuideachta monaraíochta agus teicneolaíochta faisnéise a chomhlíonann conarthaí thar ceann eintiteas i rialtas Chónaidhm na Rúise. Monaraíonn an chuideachta airm agus armlón agus, chomh maith leis sin, is cuideachta cheannródaíoch í sa Rúis a mbíonn teicneolaíocht shnáthoptaice á forbairt aici. Bhí baint dhíreach ag an gcuideachta agus a Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Alexey Strelchenko, le táirgeadh chóras faireachais fodhromchla de chuid na Rúise, ar a dtugtar HARMONY, a leagadh síos i Muir Barents san Artach tar éis soláthar ceilte teicneolaíochtaí agus earraí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Eoraip chun gur fhusa an tionscadal a thabhairt chun críche. Dá bhrí sin, tá Alexey Strelchenko ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026
2020.	Anna Nikolaevna ZALOGINA Rúisis: Анна Николаевна ЗАЛОГИНА	Feidhm: Úinéir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pharmirus LLC Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 123182, Moscó, municipal district Shchukino, Shchukinskaya st. 6-3 (Seoladh Gnó) UAC: 312324772502	Is bean gnó Rúiseach í Anna Zalogina agus is í úinéir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pharmirus LLC, cuideachta cógaistíochta Rúiseach. I mí Aibreáin 2025, ba é Pharmirus LLC /Farmirus Tairbhí Foraithne Uimh. 213 arna heisiúint ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, ar dá réir a cuireadh Nizhpharm, cuideachta Rúiseach ar le Nidda Lynz as Lucsamburg í ag an am, agus ar leis an gcuideachta Gearmánach Stada AG í go dtí mí na Samhna 2023, faoi riarachán sealadach Pharmirus LLC. Mar cheann agus mar bhunaitheoir Pharmirus LLC, bhain Anna Zalogina, dá bhrí sin, tairbhe as aistriú éigeantach rialaithe arna dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise trí dhlíthe, rialacháin, ionstraimí reachtacha eile de chuid eintitis a bhí faoi úinéireacht nó a rialú roimhe sin ag eintitis arna mbunú san Aontas, gan toiliú na n-eintiteas san Aontas a raibh úinéireacht acu orthu nó a rialaigh iad roimhe sin.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2021.	Viktor Nikolayevitch ADROV	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta agus comhbhunaitheoir Rakurs Dáta breithe: 6.3.1957 Inscne: fireann	Is é Viktor Adrov Stiúrthóir Ginearálta agus comhbhunaitheoir Rakurs JSC, ar cuideachta bogearraí Rúiseach agus conraitheoir d'Aireacht Cosanta na Rúise í. Cuireann Rakurs tacair sonraí thopagrafaíochta agus seirbhísí satailíte breise ar fáil d'Aireacht Cosanta na Rúise trí PHOTOMOD, ríomhchlár bogearraí fótagraiméadrach Rakurs. Is é PHOTOMOD an príomhchóras braite topagrafaíochta a úsáideann Stiúrthóireacht Topagrafaíochta Míleata Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Trí thacú go hábharach le Foireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise trí shonraí topagrafaíochta agus seirbhísí satailíte a chur ar fáil, tacaíonn Viktor Adrov mar Bhainisteoir Ginearálta Rakurs JSC, dá bhrí sin, le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht nó de chobhsaíocht na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin, agus tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Tá Viktor Adrov, dá bhrí sin, ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise.	23.4.2026
2022.	Mikhail Alekseevich SHMOILOV Rúisis: Михаил Алексеевич ШМОЙЛОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Institiúid Bhuiséadach an Stáit Chónaidhme OK "Snegiri" Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 770800155825	Is Ard-Stiúrthóir Institiúid Bhuiséadach an Stáit Chónaidhme OK "Snegiri" é Mikhail Shmoilov, eintiteas Rúiseach a bhfuil ionad folláine agus sláinte á fheidhmiú aige i Réigiún Mhoscó agus atá faoi úinéireacht Oifig Uachtarán Chónaidhm na Rúise. I gcomhar le Páirtí Cumannach Chónaidhm na Rúise, eagraíonn sé turais ina gcuirtear oideachas tírghrách agus oiliúint mhíleata Rúiseach ar leanaí ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá Mikhail Shmoilov ag tacú le beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach agus oideachas míleatathe mionaoiseach Úcránach agus tá na beartais sin á gcur chun feidhme aige.	23.4.2026';

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘688.	Brightmile Ltd Sínis: 陽光電子科技有限公司 ar a dtugtar freisin BRIGHTMILE LIMITED	Seoladh: Rm 1902, Easey Comm.Bldg., 253261 Hennessy Road, Wanchai, Hong Cong, Daon-Phoblacht na Síne Áit chlárúcháin: Wanchai, Hong Cong Dáta clárúcháin: 2002 Uimhir chlárúcháin: 73787237 (Uimhir chlárúcháin gnó Hong Cong); 3127263 (Uimhir CR Hong Cong) Príomháit ghnó: Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, Daon-Phoblacht na Síne Fón: (+86) 852 8121-2633; 86-00852-82278479 Ríomhphost: herea@brightmile-ltd.com Suíomh gréasáin: https://brightmile-ltd.com/	Is cuideachta atá lonnaithe sa tSín é Brightmile Ltd, a bhíonn ag soláthar comhpháirteanna leictreonacha. Bíonn sé ag soláthar do roinnt cuideachtaí Rúiseacha, lena n-airítear LLC “ELSAP” and JSC “Magneton”. Soláthraíonn LLC “ELSAP” comhpháirteanna leictreonacha le haghaidh sainchórais soláthair cumhachta, faigheann sé comhpháirteanna ganna, agus tá sé deimhnithe le haghaidh riachtanais stáit chónaidhme chomh maith le comhar leis an gcoimpléasc míleata agus tionsclaíoch. Is fiontar cosanta straitéisí státnasctha é JSC “Magneton” a bhíonn ag déanamh táirgí agus ábhair chriticiúla do thionscail mhíleata, spáis agus chosanta na Rúise. Tá na táirgí a bhíonn sé a tháirgeadh riachtanach do chórais radair, córais frithdhiúracáin, córais eitlíochta, córais chabhlaigh agus córais spáis, agus dá bhrí sin is príomhshócmhainn é do choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Tá ceadúnais chosanta agus ceadúnais stáit eile ag an ngléasra agus is iad Roscosmos, Rosatom, agus Rosneft a chliaint. Dá bhrí sin, tá Brightmile Ltd ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
689.	EDM LLC-FZ ar a dtugtar freisin EDM L.L. C-FZ ar a dtugtar freisin EQUIPMENT DELIVERY MANAGEMENT	Seoladh: Business Center 1, M Floor, The Meydan Hotel, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Dáta clárúcháin: 14.3.2022 Uimhir chlárúcháin: 2200911.01 Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Fón: (+86) 852 8121-2633; 86-00852-82278479 Ríomhphost: ceo@llc-edm.com Suíomh gréasáin: https://www.llc-edm.com/	Bíonn EDM LLC-FZ, atá lonnaithe Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, i mbun trádáil i dtrealamh leictreach, leictreonach, meicniúil agus anailíseach do shaotharlanna taighde, chomh maith le huirlisí i gcomhair meaisíní, línte táirgthe, táirgí ceimiceacha agus bithcheimiceacha, agus troscán saotharlainne. Faigheann an chuideachta trealamh ó na monaróirí is fearr ar fud an domhain, an tAontas Eorpach san áireamh. Bíonn EDM LLC-FZ ag soláthar don chuideachta Rúiseach LLC Business Management. Soláthraíodh do EDM LLC-FZ earraí a monaraíodh sa Ghearmáin, lena n-áirítear earraí a thagann faoi chóid AC 3810.90, 8413.50, 8414.10, 8419.40, 9025.90 agus earraí a táirgeadh san Ísiltír a thagann faoi chód AC 9027.89. Le hAirteagal 3k de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirtear toirmeasc ar earraí a thagann faoi na cóid sin a onnmhairiú ón Aontas. Coinníonn LLC Business Management trealamh ardteicneolaíochta agus soláthraíonn sé an trealamh sin idir tíortha forbartha agus Cónaidhm na Rúise agus tíortha an Aontais Eacnamaíoch Eoráisigh, ag láimhseáil an tseachadta agus imréiteach custaim. Dá bhrí sin, tá EDM LLC-FZ ag déanamh dochar suntasach don toirmeasc atá ar earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le feabhas a chur ar chumais thionsclaíocha na Rúise, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bídís, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlachta sa Rúis nó le húsáid sa Rúis.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
690.	SCT Chemicals FZE ar a dtugtar freisin SCT CHEMICALS TRADING FZE	Seoladh: S1500, Jebel Ali Freezone, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; Jebel Ali Free Zone South, Dubai, Jebel Ali 61354, AE, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Cineál eintitis: Bunaíocht saorchreasa Áit chlárúcháin: Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Dáta clárúcháin: 1994 Uimhir chlárúcháin: 004181508-0405 Aitheantóir Inmheánach Cedar Rose: AEC221966655 Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Fón: +971 4 813 7200 Ríomhphost: info@sctchemicals.ae Suíomh gréasáin: https://sctchemicals.ae/	Is cuideachta é SCT Chemicals FZE atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus a bhíonn ag onnmhairiú ar fud an domhain. Sholáthair SCT Chemicals FZE a tháirgí don Rúis freisin, agus taifeadadh an loingsiú is déanaí uaithi in 2024. Táirgeann an chuideachta olaí innill. Táirgeann SCT Chemicals FZE pacáiste breiseán atá deartha go sonrach chun olaí aonghráid a úsáidtear in innill díosail arna dtáirgeadh ag an ngléasra Rúiseach Kolomensky a fhoirmliú, atá liostaithe ag an Aontas mar chuid de thionscal míleata na Rúise. Soláthraíonn Kolomensky innill díosail do shoithí míleata na Rúise a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá SCT Chemicals FZE ag tacú go hábhartha le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
691.	Turboshaft FZE Araibis: توربو شافت م.م.ح ar a dtugtar freisin Black Metal FZE ar a dtugtar freisin بلاك ميتال)م م ح(	Seoladh: Warehouse Q3-117, SAIF Zone, Sharjah, PO BOX 9732, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Cineál eintitis: Bunaíocht saorchreasa Áit chlárúcháin: Sharjah, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Dáta clárúcháin: 2011 Aitheantóir Inmheánach Cedar Rose: AEC0006867 Uimhir aitheantais uathúil Acuris: C1843799 Aitheantóir Uathúil Eintitis (SAM): YCVHSDFHDUA5 Uimhir Chlárúcháin Eacnamaíoch (CBLS): 11967354 Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Fón: +1 888 222 9553 Ríomhphost: qa@turboshaft.ae; aog@turboshaft.ae Suíomh gréasáin: http://turboshaft.net/index.html	Is cuideachta é Turboshaft FZE, ar a dtugtar freisin Black Metal FZE, atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus a bhíonn i mbun allmhairiú agus onnmhairiú páirteanna spártha le haghaidh aerárthaí tráchtála. Tá an chuideachta á bainistiú ag Timur Badr. Soláthraíonn Turboshaft FZE ábhair a bhaineann le heitlíocht do na cuideachtaí Rúiseacha S7 ENGINEERING LLC, AO AK NORDSTAR, S7 (Siberia) Airlines. Bíonn S7 Engineering, atá mar chuid de Ghrúpa S7, ag seirbhísiú aerárthaí intíre agus aerárthaí de dhéantús eachtrach. Sholáthair Turboshaft FZE luach USD 2,1 milliún d'ionstraimíocht aerárthaí de ghrád míleata a rinneadh sa tSeicia don 275ú Gléasra Deisiúcháin Eitlíochta, príomhshaoráid faoi United Aircraft Corporation Rostec a dhéanann speisialtóireacht in ollchóiriú agus nuachóiriú scairdeanna trodaithe, chomh maith le córais agus airm eitlíochta míleata eile. Socraíodh loingsithe trí Rosoboronexport, allmhaireoir agus onnmhaireoir arm na Rúise atá faoi úinéireacht stáit. Dá bhrí sin, tá Turboshaft FZE ag tacú go hábhartha le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
692.	Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. Sínis: 扬州扬杰电子科技股份有限公司 ar a dtugtar freisin Yangzhou Yangjie Electronic Co., Ltd. ar a dtugtar freisin Yangjie Technology Co., Ltd.	Seoladh: No.68, Heye West Road, Hanjiang District Yangzhou, Jiangsu, 225008 Daon-Phoblacht na Síne Áit chlárúcháin: Yangzhou, Daon-Phoblacht na Síne Dáta clárúcháin: 1.1.2000 Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe na Síne: 913210007908906337 Uimhir aitheantas eisitheora dhomhanda EDI: 160823 Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh: 6556009FCJ7O8QPFTC19 Cláruimhir Cuideachta na Síne: 321000400012591 Príomháit ghnó: Daonphoblacht na Síne Fón: 400 106 0780 Facs: (0514) 87943666 Rphost:yangjie@21yangjie.com Suíomh gréasáin: https://www.21yangjie.com/	Is príomh-mhonaróir IDM Síneach é Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. a dhéanann speisialtóireacht i bhfeistí leathsheoltóra a úsáidtear i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear mótarfheithiclí, fuinneamh nua agus leictreonaic do thomhaltóirí. Áirítear ar ghníomhaíochtaí Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. sliseanna míleata, aeraspás agus cosaint, agus leictreonaic mhíleata. Sheol Yangzhou Yangjie Electronic Technology Company Limited níos mó ná 200 loingsiú de theicneolaíocht dé-úsáide chuig an Rúis ó cuireadh tú le hionradh na hÚcráine, ag cabhrú go mór lena cumais mhíleata. Fuarthas táirgí de chuid na cuideachta sna ladrainn agus san armlón atá úsáidte ag trúpaí na Rúise san Úcráin. Sholáthair Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. teicneolaíochtaí ríthábhachtacha a threisíonn cumais mhíleata na Rúise do roinnt cuideachtaí Rúiseacha, lena n-áirítear JSC Kompel, atá liostaithe ag an Aontas mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Sholáthraigh Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. comhpháirteanna leictreonacha do chuideachta Rúiseach MT SYSTEMS LLC. Is príomhsholáthróir do thionscail ar a n-áirítear innealtóireacht mheicniúil, cumarsáid, agus leictreonaic gluaisteán é MT SYSTEMS, agus tacaíonn sé le hearnáil cosanta agus slándála na Rúise. Dá bhrí sin, tá Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. freagrach as tacaíocht a thabhairt do gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Thairis sin tá Yangzhou Yangjie Electronic Technology Co., Ltd. ag tacú go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
693.	ETS Solutions (China) Ltd.	Seoladh: No. 66 Tong Dun Road, Attn: Elva Hou Suzhou Cn, Daonphoblacht na Síne Áit chlárúcháin: Daonphoblacht na Síne Dáta clárúcháin: 2003	Soláthraíonn ETS Solutions (China) Ltd. trealamh ardleibhéil tástála creathaidh a mbaintear úsáid as ar fud tionscail éagsúla. Deartar na córais aige chun caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear sonraíochtaí de ghrád míleata ar nós MIL-STD-810G. Díolann ETS Solutions (China) Ltd. a chuid táirgí le heintiteas de chuid coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise SCI DIPAUL atá liostaithe ag an Aontas. Dá bhrí sin, tá ETS Solutions (China) Ltd. ag tacú go hábhartha le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus ag baint tairbhe as trí theicneolaíochtaí agus trealamh míleata a sholáthar.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
694.	Institiúid Fisice agus Teicneolaíochta Mhoscó Rúisis: Московский физико-технический институт (государственный университет) ar a dtugtar freisin MIPT, PHYSTECH ar a dtugtar freisin Федеральное Государственное Автономное Образовательное Учреждение Высшего Образования “Московский Физико-Технический Институт (Национальный Исследовательский Университет)” ar a dtugtar freisin МФТИ ar a dtugtar freisin ФИЗТЕХ	Seoladh: 141701, Moscow Region, Dolgoprudny, Institutsky Lane, 9, Conaidhm na Rúise; 117303, Moscó, Kerchenskaya Street, 1 A, bldg. 1, Conaidhm na Rúise Cineál eintitis: Institiúid Ardoideachais Gairmoideachais an Stáit Fheidearálaigh Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 1946; 15.10.2002 Uimhir chlárúcháin: 1027739386135 Uimhir Aitheantais Chánach: 5008006211 KPP: 772701001 Príomh áitghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://www.jcplant.uz Fón: +7 (495) 408-45-54; +7 (495) 408-42-54 Rphost: info@mipt.ru	Tá Institiúid Fisice agus Teicneolaíochta Mhoscó (MIPT) ar cheann de na hinsitiúidí Rúiseacha a thraenálann gairmithe do choimpléacs míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Tá an institiúid tar éis cláir thiomnaithe a sheoladh sa teicneolaíocht drón agus déanann sí taighde drón státurraithe. Tá ionad traenála míleata ag MIPT a dhíríonn ar oiliúint sna speisialtachtaí míleata a bunaíodh do MIPT, a fhreagraíonn do phríomh réimsí traenála sibhialta na hinstitiúide. Tá roinnt páirtithe aici a dhéanann dróin, lena n-áirítear an “Almaz-Antey”, oifig dearaidh an “Kronstadt”agus an “Geoscan”. Dá bhrí sin, tacaíonn MIPT go hábhartha le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus tairbhíonn sé de Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
695.	Moran Security Group Ltd	Seoladh: 35, Barrack Road, Third Floor, Cathair na Beilíse, an Bheilís; C/O Asterra International Management Ltd 1885 Driftwood Bay, Suite 101, Cathair na Beilíse, an Bheilís; 52 Sokolnichesky Val Street, Moscó, Cónaidhm na Rúise; Novinskiy Bulvar 31, 123242, Moscó, Códhnaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise; An Bheilís Dáta clárúcháin: 18.1.2011 OGRN: 1117746019863 Uimhir Aitheantais Chánach: 7718833185 KPP: 771801001 Uimhir dúchais cuideachta de chuid na Beilíse: 82305 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise; an Bheilís	Is cuideachta slándála mara príobháideach atá cláraithe sa Bheilís agus i gCónaidhm na Rúise, é Moran Security Group Ltd, a fhostaíonn iarphearsanra ardoilte cháilithe de chuid arm na Rúise. I Moscó atá an ceannáras aici agus déanann an gnólacht speisialtóireacht in árthaigh lastas a chosaint, taincéirí ola go príomha, ó phíoráideacht. Tá an chuideachta i mbun ionad traenála i gCathair Pheadair agus feidhmíonn sí mar chonraitheoir leath-oifigiúil príobháideach atá ceangailte le leasanna rialtais, agus tá ról lárnach aici i ngníomhartha míleata príobháideacha na Rúise thar lear. Tá dlúth nasc fós ag Moran le stát na Rúise, ag obair dó faoi chonarthaí do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus ag comhordú leis an Aireacht um Chosaint. D'oibrigh Moran le Cabhlach na Rúise roimhe seo. Sholáthraigh an chuideachta slándáil do Sovcomflot (An chuideachta loingseoireachta is mó faoi úinéireacht stáit a bhfuil ról lárnach aici in onnmhairí ola agus gás), Unicom Management Services (fochuideachta de chuid Sovcomflot a dhéanann bainistiú ar theanchairí), Northgas (a mbaineann cuid mhór de le Gazprom atá faoi úinéireacht stáit), agus Sevmorneftegeofizika (fochuideachta den ngabháltas Rosgeoatá faoi úinéireacht stáit). Is léiriú iad na naisc seo ar ról Moran maidir le tacú le hoibríochtaí míleata fuinnimh agus lóistíochta thar lear. Oibríonn Moran Security Group Ltd le cuideachtaí agus le heagraíochtaí, atá faoi smacht ag, faoi úinéireacht, nó ar chuid iad de stáit na Rúise agus dá rialtas, agus ag an am céanna áiríonn sé árthaigh, a iompraíonn ola agus GNL/ GPL Rúiseach. Dá bhrí sin, tá Moran Security Group ag tacú le Rialtas Chónaidhme na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
696.	Cuideachta Comhstoic Rúisis: Акционерное общество “Промсинтез”	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 446100, Samara region, Chapaevsk, Kuibysheva st., 1 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 26.11.2002 Uimhir chlárúcháin: 1026303178428 Uimhir Aitheantais Chánach: 6335007320 KPP: 633001001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://promsintez.su Fón: +7 (84639) 2-11-55 Rphost: info@psintez.su	Is fiontar de chuid coimpléasc tionsclaíoch-míleata Chónaidhm na Rúise é JSC “Promsintez” atá ag gabháil do tháirgeadh pléascacha. Táirgeann gléasra JSC “Promsintez” réimse leathan pléascacha, lena n-airítear TNT, a mbaintear úsáid as i dtáirgeadh armlóin. Dá bhrí sin, is cuid é JSC “Promsintez” de choimpléacs míleata gus tionsclaíoch na Rúise. Lena chois sin, tá smacht glactha ag JSC “Promsintez” ar “High-Tech Initiation Systems” JSC (“V.S.I.” JSC), ina a raibh Maxan eintiteas de chuid an Aontais ina gheallshealbhóir. Tar éis do chúirt Rúiseach na scaireanna sin a reo, tá cearta iomlána scairshealbhóirí á bhfeidhmiú ag JSC “Promsintez”agus bainistíocht V.S.I athraithe aige. Deimhníodh é seo i gcúirt Rúiseach, agus seasadh leis ar achomharc. Dá bhrí sin, tá JSC “Promsintez” ag baint leas as an aistriú éigeantach rialaithe eintiteas atá bunaithe sa Rúis, a bhí faoi úinéireacht nó faoi rialú roimhe sin ag eintitis atá bunaithe san Aontas.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
697.	Limited Liability Company Aero-HIT ar a dtugtar freisin LLC SKB “Piranya” Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “Аэро-ХИТ” Ar a dtugtar freisin ООО СКБ “Станкостроение”	Seoladh: 453130, Republic of Bashkortostan, Sterlitamak, Gogol St., 124. Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.8.2012 Uimhir chlárúcháin: 1120268002249 KPP: 026801001 Uimhir Aitheantais Chánach Rúiseach 0268061215	Táirgeann LLC SKB STANKOSTROENIE trealamh miotalóireachta, lena n-áirítear deileanna CNC agus meaisíní meilte, ionaid meaisínithe ilfheidhmeach, ar nós 400V miotalóireachta agus uirlisí gearrtha. Díolann an t-eintiteas a tháirgí le fiontair Rúiseacha, lena n-áirítear ODK-UMPO (PJSC UEC-UMPO), príomhtháirgeoirí inneall aerárthaigh turbascairde: Su-27 family aircraft (inneall AL-31F), Su-30 (innill AL-31F agus AL-31FP), Su-25 (R-95Sh agus R-195), Su-35S (AL-41F-1S), Su-57 (AL-41F-1). Dá bhrí sin, tá LLC SKB STANKOSTROENIE ag tacú go hábhartha le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus ag baint tairbhe as trí theicneolaíochtaí agus trealamh míleata a sholáthar.	23.4.2026
698.	Limited Liability Company “Sky Vortex” Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “СКАЙ ВОРТЕКС” ar a dtugtar freisin LLC “Sky Vortex” ar a dtugtar freisin Sky Vortex ar a dtugtar freisin ООО “СКАЙ ВОРТЕКС”	Seoladh: Ugreshskaya st., 2, building 33 IQ-Park Business Center, office 401, Moscó, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Rúiseach Dáta clárúcháin: 20.10.2014 Uimhir chlárúcháin: 5147746249624 Uimhir Aitheantais Chánach: 7721849386 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is dáileor bunaithe sa Rúis ag a bhfuil réimse leathan ábhar deimhnithe ó mhonaróirí iasachta, chun aeráthaigh iasachta a dheisiú agus a chothabháil. Áirítear ar a phunann cliant mór eagraíochtaí eitlíochta agus aeraspás ar nós Aeroflot iompróir náisiúnta na Rúise, Aeroflot Technics, S7 Airlines, Russian Helicopters, Composite-Products Company a tháirgeann ábhar tánaisteach agus roisíní, agus A-Technics. Is é Russian Helicopters, cuid de Rostec atá faoi úinéireacht stáit, an t-aon déantóir ingearán sa Rúis agus is ceannaire tionscail é ar fud an domhain. Táirgeann sé múnlaí míleata ar nós an Mi-26T, Ka-52, and an Mi-28. Dá bhrí sin, tá Vladimir Kapysh ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
699.	LLP “United Trading Group” Kazakh: “United Trading Group” “Жауапкершілігі Шектеулі Серіктестігі” ar a dtugtar freisin LLP “United Trade Group”	Seoladh: 050059, Almaty, Medeu District, Taimanov street, house 136, apt. 86 050059, an Chasacstáin Cineál eintitis: Cuideachta theoranta Áit chlárúcháin: an Chasacstáin Dáta clárúcháin: 17.3.2022 Uimhir chlárúcháin: 220340023728; CBL: 60001-1229370 Príomháit ghnó: an Chasacstáin Teileafón: +7 (701) 999-42-60	Cuideachta bunaithe sa Chasacstáin is ea LLP “United Trading Group” . Is ionadaí ar UrSeCo Handels GmbH & Co. KG freisin é Alimzhan Bekov, bunaitheoir LLP “United Trading Group”. Is comhpháirtí teoranta (Kommanditist) in UrSeCo Handels GmbH & Co. KG, cuideachta Gearmánach a sholáthraíonn clóiríd hidrigine (HCl) ardíonachta, ceimiceán ríthábhachtach don phróiseáil sliseog, a tháirgeann Wacker Chemie AG do LLP “United Trading Group” (an Chasacstáin), é Aleksandr Zhdanov. Mar sin, soláthraíonn “United Trading Group” HC1 don chuideachta Rúiseach LLC “Siltron”. Téann an slabhra soláthair tríd an bPolainn, an Tuirc agus an Chasacstáin. Tá nasc díreach idir LLC “Siltron” agus UrSeCo Handels mar go bhfuil athair an scairshealbhóra tromlaigh in LLC “Siltron” ar cheann de na pháirtithe in UrSeCo. De bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tá toirmeasc ar oibreoirí an Aontais HC1 a onnmhairiú chuig eintiteas sa Rúis. Dá bhrí sin, tá LLP “United Trading Group”ag éascú sáruithe ar an toirmisc ar theacht timpeall ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Chinneadh 2014/512/CBES.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
700.	Limited Liability Company 10th Bearing Plant Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “Десятый Подшипниковый Завод” ar a dtugtar freisin 10-GPZ LLC ar a dtugtar freisin JSC Tenth Bearing Plant ar a dtugtar freisin ООО “10-ГПЗ”	Seoladh: 344091, Rostov Region, Rostov-on-Don, Peskova Street, Building 1, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta theoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.4.2020 Uimhir chlárúcháin: 1206100017331 Uimhir Aitheantais Chánach: 6168111569 KPP: 616801001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (863) 301-55-10 Suíomh gréasáin: www.10-gpz.ru Rphost: 10-gpz@10-gpz.ru	Tá saineolas ag Limited Liability Company “10th Bearing Plant” ar tháirgeadh imthacaí do thrucailí, do charranna agus d’fheithiclí speisialta, lena n-áirítear do riachtanais na bhfiontar i dtionscal míleata Chónaidhm na Rúise. Soláthraíonn an chuideachta a himthacaí do chuideachtaí tionscail mhíleata na Rúise, lena n-áirítear KAMAZ agus UralAZ. Dá bhrí sin, tá LLC “10th Bearing Plant” ag tacú go hábhartha le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
701.	JSC Technodron Rúisis: АО “Технодрон”	Seoladh: 121099, Moscow, in. territory of Moscow, municipal district Arbat, Novy Arbat str. 30/9, premises. 2H, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 3.5.2024 Uimhir chlárúcháin: 1247700354175 Uimhir Aitheantais Chánach: 9704241986 KPP: 770401001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Forbraíonn agus monaraíonn JSC “Technodron” dróin radharc céadphearsan (RCP) de chuid shraith Skvorec (ar a dtugtar freisin Skvorets nó Starling). Le tacaíocht ón Ionad um Chórais agus Teicneolaíochtaí Gan Foireann, tá an táirge sin á fhorbairt gan stad gan staonadh chun raon na dtascanna atá le réiteach a leathnú. Ó 2024 i leith, úsáideann fórsaí na Rúise na dróin Skvorec-7, Skvorec-10, Skvorec-Z agus Skvorec-PRO i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ar ordú ó Chabhlach na Rúise, d’fhorbair an chuideachta “Starling of the Navy” (Cabhlach Skvorec) le haghaidh tascanna a bhaineann le limistéir uisce. Tá JSC “Technodron” ag tacú, dá réir sin, go hábharthach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
702.	Limited Liability Company “Archangel Center” ar a dtugtar freisin Общество с ограниченной ответственностью “Архангел-Центр” ar a dtugtar freisin LLC “Archangel Center” ar a dtugtar freisin Archangel Military Tactical Center ar a dtugtar freisin Archangel Combat and Special Training Center ar a dtugtar freisin OOO “Архангел-Центр”	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 143003, Moscow Region, Odintsovo Urban District, Odintsovo, Marshal Zhukova Street, Building 32, Office 1, Office 502-510 Cineál eintitis: Cuideachta theoranta Dáta clárúcháin: 17.5.2024 Uimhir chlárúcháin: 1245000058489 Uimhir Aitheantais Chánach: 5032379630 KPP: 503201001 Suíomh gréasáin: https://archangel.center/; https://archangel-center.ru/ Ríomhphost: archangel.center@yandex.ru Teil.: +7 901 183 39 08; +7 988 577 14 12	Is eagraíocht oiliúna míleata Rúiseach é an Archangel Center a sholáthraíonn réimse leathan clár ullmhúcháin oirbheartaíochta agus comhraic do phearsanra míleata. Cuireann sé cúrsaí ar fáil ar an oiliúint mhíleata ghinearálta, oiliúint oirbheartaíochta, teagasc naoscairí, oibriú aerfheithiclí gan foireann, féinchosaint, comhrac sceana, airtléire agus taiscéalaíocht. Cothaíonn Archangel dlúthnaisc le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise agus ghabh onaid de Gharda Náisiúnta agus d’Fhórsaí Armtha na Rúise buíochas foirmiúil leis as oiliúint a chur ar phearsanra a bhíonn i mbun catha. Tá oiliúint curtha ag Archangel ar shaighdiúirí agus aonaid pharaimíleata Rúiseacha ar oibríochtaí airtléire agus taiscéalaíochta chun tascanna a dhéanamh sna criosanna comhraic san Úcráin. Fógraíonn an t-ionad lascainí dóibh siúd a ghlacann páirt sa chomhrac san Úcráin agus comhoibríonn sé le struchtúir slándála stáit. Dá bhrí sin, tá LLC “Archangel Center” ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
703.	Limited Liability Company “Atlant Aero” Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “АТЛАНТ АЭРО” ar a dtugtar freisin LLC “ATLANT AERO” ar a dtugtar freisin ООО “АТЛАНТ АЭРО”	Seoladh: Rostov region, Taganrog, Instrumentalnaya street, building. 2-7, p. 1, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta theoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 21.9.2023 Uimhir chlárúcháin: 1236100025633 Uimhir Aitheantais Chánach: 6154165878 KPP: 615401001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is monaróir aeraspáis Rúiseach é LLC “Atlant Aero”. Tá cáil ar an gcuideachta seo as dróin radharc céadphearsan (RCP) “Orion”, “Lightning-1” agus “Lightning-1 II” (Molniya) a fhorbairt, rudaí a threoraítear de láimh le haghaidh ionsaithe beachta. Cuireann LLC “Atlant Aero” le táirgeadh comhpháirteanna d’ard-dróin chomhraic “Orion” agus tá sé ag gabháil do chórais cogaíochta leictreonaí agus córais chomhtháthúcháin dhigiteacha a chruthú le haghaidh muinisean síománaíochta. Soláthraíonn an chuideachta teicneolaíochtaí ríthábhachtacha a úsáidtear in oibríochtaí comhraic do choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, rud a thacaíonn go díreach le hiarrachtaí cogaidh na tíre sin san Úcráin. Úsáidtear a muinisean síománaíochta comhraic/RCP Orion agus Lightning ar an láthair chatha le haghaidh misin taiscéalaíochta agus ionsaí araon, lena n-áirítear ionsaithe ar Kharkiv. Tá meas ar na dróin as a gcumas millteach, lena n-áirítear mianaigh fritancanna nó soic phléascáin bheaga a iompar. Dá bhrí sin, tá LLC “Atlant Aero” ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/509/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
704.	Limited Liability Company “Gaskar Group” Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “Таскар Групп” ar a dtugtar freisin LLC “Gaskar Group” ar a dtugtar freisin LLC Gaskar Group of the Skolkovo Innovation Center ar a dtugtar freisin Gaskar Group of Companies ar a dtugtar freisin ООО “Таскар Групп” ar a dtugtar freisin ООО “Таскар Групп” Инновационного Центра Сколково ar a dtugtar freisin ГК “ТАСКАР”	Seoladh: 121205, Moscow, internal territory of Mozhaysky municipal district, Skolkovo Innovation Center Territory, Nobelya Street, 7, Floor 4, Room/Workplace 15/6, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 7.8.2020 Uimhir chlárúcháin: 1207700279797 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 7.8.2020 Uimhir chlárúcháin: 1207700279797 Uimhir Aitheantais Chánach: 7734436058 KPP: 773101001	Is cuideachta Rúiseach í LLC “Gaskar Group” a bhfuil saineolas aici ar fhorbairt agus táirgeadh aerfheithiclí gan foireann, leictreonaice agus bogearraí. I measc a tháirgí, tá dróin taiscéalaíochta Sibiryachok agus Siberia-1, rudaí a imscartar go forleathan i gcomhthéacs míleata. Baineann an chuideachta leas as naisc le rialtas na Rúise, agus faigheann sí dreasachtaí, ar nós buntáistí cánach agus sochair chustaim. Tá tionscnaimh oiliúna Gaskar Group ar aerfheithiclí gan foireann comhtháite sa tionscadal náisiúnta Aerfheithiclí Gan Foireann, rud atá ceadaithe ag rialtas na Rúise le tacaíocht an Uachtaráin Vladimir Putin. Tá conarthaí poiblí móra bainte amach ag an gcuideachta. Mar chúiteamh air sin, cuireann Gaskar le spriocanna nuachóirithe faoi stiúir an stáit trí theicneolaíocht UAV a tháirgeadh agus oiliúint a chur ar an lucht saothair. Síneann gníomhaíochtaí na cuideachta chomh fada le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, agus dróin Siberia-1 agus Sibiryachok á n-imscaradh san Úcráin. Déanann na haerfheithiclí gan foireann seo taiscéalaíocht, leathnaíonn siad cumarsáid chatha, agus tacaíonn siad le comhordú airtléire, agus roinnt samhlacha acu oiriúnaithe do mhisin ionsaithe. Tá Gaskar tar éis méid mór drón a sholáthar d’Aireacht Cosanta na Rúise, agus conarthaí cosanta stáit brabúsacha á bhfáil aige ag an am céanna. Cuireann a speisialtóirí oiliúint ar oibreoirí míleata. Tá Gaskar tar éis é féin a chur chun cinn mar phríomhchumasóir imscaradh aerfheithiclí míleata gan foireann. Dá bhrí sin, tá LLC “Gaskar Group” ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. Thairis sin, tá LLC “Gaskar Group” ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
